PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL AN GLEANN

1.0 COMHTHÉACS

1.1 Suíomh

Is nód beag forbartha tuaithe atá sa Ghleann atá suite timpeall le leath slí idir Baile an Sceilg agus An Caladh ag ceann Bhá Fhíonáin ar Leithinis Uíbh Ráthaigh.



Fig 1: Láthair lonnaíochta An Ghleanna

1.2 Daonra

Níl aon fhigiúirí ann do dhaonra shráidbhaile An Ghleanna féin. Tá sé suite laistigh de Thoghroinn Fhíonáin. Mhéadaigh an daonra sa Toghroinn seo idir 2002 agus 2006 ó 137 go dtí 154 duine. Mhéadaigh sé beagán i ndaonáireamh 2011 go dtí 161 duine.

1.3 Feidhmeanna agus Áiseanna

Is sráidbhaile beag cónaithe cois cósta atá sa Ghleann le háiseanna teoranta, ar a n-áirítear Séipéal Caitliceach, bunscoil, clós súgartha do leanaí agus ionad pobail. Tagann turasóirí chun na trá ann sa samhradh, ach níl aon áiseanna do thurasóirí sa tsráidbhaile. Is é príomhfhostóir an cheantair ná *Skelligs Chocolate* atá suite i ngiorracht ciliméadar ó lár an tsráidbhaile. Ceantar tuaithe atá sa Ghleann le hard-dlús tithíochta scaipthe tuaithe. Is lonnaíocht scaipthe atá ann seachas sráidbhaile sa chiall traidisiúnta.
Tá seirbhís réamhscoile, ionad cúraim lae agus ionad pobail á thairiscint ag Ionad Lae an Ghleanna.

1.4 Infreastruchtúr

Cé go bhfuil soláthar uisce poiblí ar fáil sa tsráidbhaile, bíonn ceist leanúnach ann maidir le cáilíocht uisce i gcaitheamh an tsamhraidh. Más gá é is féidir é a nascadh le, agus úsáid a bhaint as acmhainn bhreise Scéim an Choireáin.
Níl aon aonad cóireála seárachais poiblí sa tsráidbhaile faoi láthair. Tá réamhthuarascáil ann maidir le hionad nua cóireála a sholáthar. Ní dócha go dtarlóidh seo le linn saolré an phlean.

1.5 Foirm Uirbeach
Is lonnaíocht scaipthe tuaithe atá sa Ghleann atá suite ag crosbhealach dhá bhóthar áitiúil le séipéal, siopa an tsráidbhaile (dúnta) agus ionad seirbhísí pobail, suite ina lár. Níl aon sráid-dreach forbartha ann, agus is tithe scoite atá sa tsráidbhaile le héagsúlacht ag baint lena bhfad ón mbóthar. Tá éagsúlacht ag baint leis na cineálacha tí. Níl aon deighilt ar leith idir an sráidbhaile agus an tuath máguaird. Tá an trá 350 méadar ó dheas ó chroílár an sráidbhaile agus níl ach méid teoranta forbartha ag an láthair seo.

1.6 An Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta
Tá dhá Struchtúr atá faoi Chosaint díreach lasmuigh den teorainn forbartha. Tá cuimhneachán ar chuma cros Cheilteach suite ar theorainn thoir an tsráidbhaile. Fothrach atá sa tseanséipéal Caitliceach, ar Shéadchomhartha Taifeadta atá ann freisin, atá suite ó dheas ón sráidbhaile. Níl aon séadchomharthaí seandálaíochta laistigh den teorainn atá beartaithe cé go bhfuil cuid mhór acu i gcomharsanacht an tsráidbhaile.

1.7 An Timpeallacht agus Taitneamhacht Nádúrtha
Tá An Gleann suite ar thalamh íseal ag ceann Bhá Fhíonáin, le cnoic ina thimpeall a bhfuil cuid acu beagnach 400 méadar ar airde. Tugann iargúltacht agus muirdhreacha drámatúla agus radharcanna ar na Sceilg, saintréith uathúil don gceantar. Tá an leath thiar thuaidh den sráidbhaile criosaithe mar Thaitneamhacht Tánaisteach Speisialta i bPlean Forbartha Contae Chiarraí 2009-2015. Tá SPA Leithinis Uíbh Ráthaigh cóngrach don Ghleann.
Tá an trá cóngrach don nód lonnaíochta. Toisc sruthanna láidre a bheith ann níl an trá oiriúnach do shnámh agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an uisce.

1.8 Trácht Feithicleach agus Coisithe
Cruthaíonn trácht turasóireachta i gcaitheamh an tsamhraidh atmasféar gnóthach ach i gcaitheamh an gheimhridh is trácht áitiúil is mó a bhíonn ann toisc é a bheith iargúlta. Níl aon ghréasán cosán sa tsráidbhaile.

1.9 Fostaíocht
Tá *Scellig Chocolate* suite sa Ghleann agus é mar phríomhfhoinse fostaíochta sa cheantar. *Tá athchóiriú á dhéanamh ar an ngnó faoi láthair de bharr damáiste dóiteáin.*Tá beogacht an cheantair agus mórán dá ghnónna beaga ag brath ar chaiteachas chustaiméirí ó na ceantair thuaithe agus turasóirí a bhíonn ag dul tríd.

1.10 An Ghaeltacht

Tá An Gleann suite laistigh de cheantar Gaeltachta agus tá caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge riachtanach dá fhorbairt sa todhchaí.

1.11 Fás agus Forbairt Cónaithe
Tithíocht scaipthe aonuaire atá sa cheantar seo. Tharla an-chuid forbartha ribíneach ar na bóithre isteach ann thar na blianta agus thar na blianta bhí sé teoranta don taobh thuaidh nó taobh na talún den bhóthar. Beidh ar gach teach nua teacht leis na polasaithe atá sa Phlean Forbartha Contae.
Déanann teorainn forbartha An Ghleanna sainiú ar fhairsinge an cheantair ar féidir forbairt nua a dhéanamh ann, agus ceadaíonn sé, ag an am gcéanna, méadú agus roinnt forbartha in aice le croílár na lonnaíochta.

2.0 STRAITÉIS FORBARTHA

Is í an fhís fhoriomlán don Ghleann ná saintréithe an phatrúin sainiúil na lonnaíochta scaipthe seo a choimeád, an ceantar a chur chun cinn mar áit tharraingteach le cónaí ann agus le cuairt a thabhairt air, agus úsáid na Gaeilge a chaomhnú agus a fheabhsú mar theanga laethúil an phobail.

Is ceantar lonnaíochta scaipthe tuaithe atá sa Ghleann. Leis an easpa áiseanna atá sa cheantar agus gan aon struchtúr sráidbhaile/lonnaíochta ann, leis an ngá atá ann tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht sna lonnaíochtaí atá ann, níl sé ar intinn lonnaíocht nua sráidbhaile a fhorbairt sa Ghleann.

Is í an straitéis forbartha don Ghleann mar sin ná:

- A chinntiú go mbíonn aon fhorbairtí turasóireachta sa todhchaí tuisceanach ar shaintréithe an cheantair agus ba chóir iad a bheith ar scála iomchuí. Ba chóir go spreagfaí forbairtí a bheadh oscailte i gcaitheamh na bliana ar fad.

- Cur chun cinn a dhéanamh ar athfhorbairt asraon tráchtála/miondíola ag freastal ar an bpobal áitiúil

- An Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn

- A chinntiú go bhfreastlaíonn gach forbairt chónaithe ar riachtanais mhuintir na háite ar mhian leo cónaí go buan sa cheantar.

- Spreagadh a thabhairt d'éiceathurasóireacht inbhuanaithe agus margaí eile nideoige in éineacht le cur go hinbhuanaithe le saoráidí agus éagsúlacht turasóireachta, mar fhoinse fostaíocht.

3.0 CUSPÓIRÍ FORIOMLÁNA

Cuspóir Uimh.	Is cuspóir ag an gComhairle é:
OO-1	Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt éiceathurasóireacht agus margaí nideoige eile ar bhealach inbhuanaithe.